ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Beartas Soláthair BOOÁCDL

Formheasta ag BOOÁCDL

**Forbartha ag an nGrúpa Oibre Beartais Soláthair de chuid Líonra Soláthair BOO leagan deiridh formheasta ag Fóram CE 13.10.2023**

# *BEARTAS SOLÁTHAIR BOOÁCDL*

| | |
|---|---|
| **Uimh. Thagartha Doiciméid:** | *Beartas Soláthair BOOÁCDL v1.0* |
| **Arna ullmhú ag** | *Rannóg Soláthair BOOÁCDL, an Roinn Airgeadais* |
| **Glactha ag** | *Bord/CE/Stiúrthóir* |
| **Freagracht as Cur Chun Feidhme** | *Rannóg Soláthair BOOÁCDL, an Roinn Airgeadais* |
| **Freagracht as Athbhreithniú** | *Rannóg Soláthair BOOÁCDL, an Roinn Airgeadais* |
| **Tréimhse Athbhreithnithe** | Beidh an beartas seo faoi réir athbhreithniú i gcomhréir le riachtanais eagraíochtúla agus/nó nuair atá sé riachtanach é sin a dhéanamh |
| **Suíomh Foinse** | Le deimhniú |
| **Suíomh Foilsithe** | *Le deimhniú* |
| **Doiciméid Eile a dtagraítear dóibh** | *Treoir AE Alt 5.2 Treoirdhoiciméad* |



| **Rialú Leagain** | | | |
|---|---|---|---|
| *Uimhir Leagain* | **Dáta Athbhreithnithe** | **Dáta Glactha** | **Faisnéis nuashonraithe** |
| *1* | *14/10/2024* | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# CLÁR NA NÁBHAR

*Beartas Soláthair BOOÁCDL* ....................1
1 Cuspóir ....................3
2 Giorrúcháin ....................3
3 Cuspóirí Soláthair ....................3
4 Prionsabail Soláthair Phoiblí ....................4
5 Prionsabail Ghinearálta ....................4
5.1 Treoir AE - Alt 5.2 ....................5
6 Freagracht ....................5
6.1 Bord BOOÁCDL ....................5
6.2 Bainistíocht Feidhmiúcháin ....................5
6.3 Ról Bainisteora atá Freagrach as Soláthar ....................5
7 Reachtaíocht ....................6
8 Tairseacha & Leibhéil Cheadaithe ....................6
8.1 Tairseacha Tairiscintí ....................6
9 Plean soláthair corparáideach ....................7
10 Coinbhleacht Leasa, Rúndacht & Eitic ....................7
11 Bainistíocht Conarthaí ....................8
12 Léasú ....................8
13 Coimeád taifead ....................8
14 Iarmhairtí Neamhchomhlíonadh an Bheartais agus na Nósanna Imeachta Ceannaigh ....................9
15 Cur Chun Feidhme agus Athbhreithniú ....................9

# Beartas Soláthair Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

## 1 CUSPÓIR

Is é cuspóir an doiciméid seo ná an beartas maidir leis an soláthar earraí (dá dtagraítear mar sholáthairtí chomh maith), seirbhísí agus oibreacha ag BOOnna a leagan amach agus a chinntiú go ndéantar soláthar ar fud BOOnna i gcomhréir le Rialacháin & Treoracha, Reachtaíocht, Beartas agus Treoirlínte um Sholáthar Phoiblí ar an leibhéal Náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí chun a chinntiú go gcomhlíontar an fheidhm soláthair phoiblí ar bhealach eiticiúil, ionraic agus cóir lena mbaintear amach an luach is fearr ar airgead. Ba cheart an beartas seo a léamh i gcomhar le beartais airgeadais ábhartha BOO.

## 2 GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| **OJEU:** Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh | **ARCC:** Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| **DoE:** An Roinn Oideachais | **CWMF:** Creat Bainistíochta um Oibreacha Caipitil |
| **OGP**: An Oifig um Sholáthar Rialtais | **EPS:** Seirbhísí Soláthair Oideachais |
| **BOO:** Bord Oideachais & Oiliúna | **DFHERIS:** An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| | |



## 3 CUSPÓIRÍ SOLÁTHAIR

Ciallaíonn soláthar oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a fháil ag BOOÁCDL, cibé acu faoi chonradh foirmiúil nó gan é sin. Clúdaíonn soláthar ceannach gnáthsholáthairtí nó gnáthsheirbhísí agus tairiscintí foirmiúla agus gach rud idir eatarthu.

Tabharfar faoi sholáthar i gcónaí leis na príomhchuspóirí seo a leanas:

- Uasluach ar Airgead (VFM). Ní gá gurb ionann VFM agus an rogha is saoire ach is é an rogha is mó buntáiste ó thaobh na heacnamaíochta de. Tá córais pleanála éifeachtaí, mhonatóireachta, bhreithmheasa agus mheastóireachta ríthábhachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- Comhlíonadh gach reachtaíochta agus gach treoirlíne atá ábhartha.
- Ailíniú le straitéis BOOÁCDL
- Bainistíocht Riosca
- Ailíniú le hinbhuanaitheacht agus le cuspóirí glasa

Agus é sa tóir ar na cuspóirí sin, éilíonn BOOÁCDL na nithe seo a leanas chomh maith:

- Comhlíontar próisis tairisceana iomaíocha

- Roghnaítear agus údaraítear soláthraithe go hiomchuí le húsáid
- Déantar monatóireacht ar sholáthraithe maidir le feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht neamhairgeadais
- Ní cheannaítear oibreacha, earraí agus seirbhísí ach le húdarú cuí
- Úsáidtear costáil saolré, lena mbreithnítear costas foriomlán, i.e., suim chun é a fháil agus costas úinéireachta thar shaolré ar earra, seachas an costas ag ceannach tosaigh
- Taifeadtar earraí agus seirbhísí a fuarthas i gceart
- Ní dhéantar íocaíochtaí ach as earraí agus seirbhísí a fuarthas agus a údaraíodh

# 4 PRIONSABAIL SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Tá feidhm ag Conradh na Róimhe ar fheidhmiú an AE maidir le gach gníomhaíocht soláthair, beag beann ar luach. Ní mór go gcomhlíonfaidh an soláthar Earraí/Soláthairtí, Seirbhísí nó Oibreacha san earnáil phoiblí na bunphrionsabail soláthair de chuid an Chonartha:

- **Trédhearcacht:** Tá gach gníomhaíocht soláthair oscailte agus trédhearcach agus tá an fhaisnéis riachtanach curtha ar fáil do chách. Ba cheart intinní agus cinntí soláthair a fhógairt go poiblí.
- **Cóir chomhionann agus Neamh-idirdhealú:** Baineann na rialacha céanna le gach duine agus tá cearta comhionannais rochtana ag cách. Ní mór do chinntí a bheith bunaithe ar oibiachtúlacht agus ar chothroime.
- **Comhréireacht:** Ní mór go mbeidh gach tomhas a úsáidfear riachtanach agus iomchuí maidir leis an gcuspóir *i.e.* conradh a dhámhachtain. Ní chuirfear aon choinníollacha, critéir nó rialacha atá iomarcach nó díréireach i bhfeidhm.
- **Aitheantas Frithpháirteach**: Tabharfar an bhailíocht chéanna do cháilíochtaí / chaighdeáin atá infheidhme i mBallstáit eile.



# 5 PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Aithnítear sa Bheartas Soláthair go bhfuil ról tábhachtach ag ceannach díláraithe chun na cuspóirí ceannaigh a bhaint amach laistigh de BOOÁCDL. Ní mór go n-úsáidfidh Sealbhóirí Buiséid comhaontuithe conarthaí oiriúnacha a caibidlíodh go lárnach, i gcás inarb ann dóibh, chun cumhacht cheannaigh a uasmhéadú do BOO ar fad agus chun barrluach ar airgead a fháil. I sainréimsí, sainaithneoidh an saineolaí san ábhar na riachtanais agus sonraíocht theicniúil agus socróidh sé/sí luachana iomaíocha agus / nó tairiscintí de réir mar is iomchuí i gcomhaontú leis an Rannóg Soláthair. I gcás ina bhfuil socruithe ceannaigh láraithe i bhfoirm Creat-chomhaontuithe oiriúnacha ar fáil ón Oifig um Sholáthar Rialtais nó ón tSeirbhís Soláthair Oideachais, úsáidfear na Creat-chomhaontuithe sin le haghaidh soláthair. Más féidir luach níos fearr ar airgead a fháil ó sholáthraí eile a tagarmharcáladh in aghaidh creat atá ann cheana féin, ní mór do shealbhóirí buiséid dul i gcomhairle le rannóg soláthair BOOÁCDL agus cloí le rialacha soláthair. Ní mór go gcoinneofar taifid iomlána ina bhfuil comparáidí praghsanna agus cáilíochta in aghaidh sholáthraí an chreata de chuid OGP atá ann cheana féin chun údar a thabhairt leis an gcinneadh sin. Ba cheart an costas iomlán soláthair a mheas i gcónaí agus ba cheart go mbeadh tagarmharcáil ar bhonn macasamhail le macasamhail. Tá BOOÁCDL tiomanta do thóraíocht an fheabhais agus aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtas soláthair chun Luach ar Airgead, comhlíonadh & bainistíocht riosca a fháil agus chun a chinntiú go n-úsáidtear cistí BOOÁCDL le héifeacht is fearr a bhaint amach.

## 5.1 TREOIR AE - ALT 5.2

**TREOIR 2014/24/AE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE**

Ceadaítear in Alt 5.2, chomh maith le hAithris 20 ábhartha, ina luaitear scoileanna go sonrach, meastachán ar luachanna conartha ar leibhéal an aonaid oibríochtúil, ar choinníoll go gcomhlíontar forais oibiachtúla áirithe (mar atá leagtha amach sa doiciméad *Alt 5.2: Treoir maidir le Feidhmiú in Earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna*).

Luaitear in Alt 5.2 "*sa chás go bhfuil aonad oibríochtúil ar leith freagrach go neamhspleách as a sholáthar, nó as catagóirí áirithe de, féadfar na luachanna a mheas ar leibhéal an aonaid atá i gceist*"

# 6 FREAGRACHT

Ní mór go mbeidh idirbhearta agus cinntí soláthair cóir agus cothrom ar gach slí agus go gcinnteoidh siad luach ar airgead (VFM). Ní mór go mbeidh na hÚdaráis Chonarthacha in ann údar a thabhairt le cinntí agus gníomhartha a rinneadh. Féadfaidh gach cinneadh a bheith faoi réir grinnscrúdú dlíthiúil. Tá cleachtais soláthair faoi réir iniúchadh agus scrúdú faoin Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 agus tá Oifigigh Chuntasaíochta cuntasach go poiblí as caiteachas a tabhaíodh. Tá Údaráis Chonarthacha freagrach as socruithe a bhunú chun a chinntiú go ndéanfaí a ngnóthaí go cuí lena n-áirítear comhréireacht le caighdeáin dea-rialachais agus cuntasaíocht maidir le soláthar.

## 6.1 BORD BOOÁCDL[1]



Ba chóir do bhainistíocht BOOÁCDL, agus an Bord féin ar deireadh thiar, a chinntiú go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas nuair a dhéantar ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear le beartas agus treoirlínte soláthair.
Luaitear in Alt 8.13 den Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna: "Ba chóir don Bhord deimhniú dó féin go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta soláthair arna bhforbairt agus arna gcur in iúl don fhoireann go léir".

## 6.2 BAINISTÍOCHT FEIDHMIÚCHÁIN

Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do BOOÁCDL. Agus é/í a bheith freagrach don Phríomhfheidhmeannach, tá an Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta freagrach as Rialachas agus Bainistíocht riarachán BOOÁCDL agus déanann sé/sí maoirseacht ar bhainistíocht acmhainní BOOÁCDL ar fud na nAcmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadais, Soláthair, Talún & Foirgneamh agus Feidhmeanna TFC.

## 6.3 RÓL BAINISTEORA ATÁ FREAGRACH AS SOLÁTHAR

Tá an Bainisteoir a bhfuil freagracht air/uirthi as an riarachán Soláthair freagrach do Stiúrthóir TFE[2]. Tá an Bainisteoir freagrach as an mBeartas Soláthair agus as maoirseacht ar a chur chun feidhme.

[1] Ón gCód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna
[2] Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

# 7 REACHTAÍOCHT

Tá ceannach laistigh de BOOÁCDL faoi réir na gceanglas reachtaíochta de Rialachán agus Treoracha AE mar a chorpraítear i ndlí na hÉireann agus infhorfheidhmithe leis.

1. Legislation (Directives, Regulations)
2. Government Policy (Circulars etc.)
3. Capital Works Management Framework for Public Works and Construction-related Services
4. General Procurement Guidelines for Goods and Services

| | |
|---|---|
| 1. Legislation (Directives, Regulations) | Reachtaíocht (Treoracha, Rialacháin) |
| 2. Government Policy (Circular etc.) | Beartas an Rialtais (Ciorclán etc.) |
| 3. Capital Works Management Framework for Public Works and Construction-related Services | Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil d'Oibreacha Poiblí agus Seirbhísí a bhaineann le Foirgníocht |
| 4. General Procurement Guidelines for Goods and Services | Treoirlínte Ginearálta Soláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí |

Tá BOOÁCDL aicmithe mar Chomhlacht arna Rialú faoin Dlí Poiblí – Folárnach faoi Earnáil Phoiblí AE mar gheall ar an gcaoi ina bhfaigheann sé maoiniú.



Ceanglaítear le Treoracha AE go bhfuil gach ceanglas ceannaigh (tairiscintí) os cionn "Luachanna Tairsí" oscailte le haghaidh Iomaíocht Eorpach. Ní mór go bhfoilseofar tairiscintí a bhfuil luach acu os cionn an Luacha Tairsí infheidhme san fhorlíonadh ar Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) agus ní mór go gcloífear le próiseas socraithe a bhfuil amscálaí forordaithe le haghaidh tairiscintí etc. aige. I gcás tairiscintí atá faoi cheanglais luacha tairsí, tá próiseas iomaíoch ag teastáil chun Rialacha Soláthair Rialtas na hÉireann a shásamh.

# 8 TAIRSEACHA & LEIBHÉIL CHEADAITHE

## 8.1 TAIRSEACHA TAIRISCINTÍ

Is é an próiseas iomaíoch an modh is fearr chun luach ar airgead poiblí a bhaint amach agus is iad na tairseacha seo thíos na caighdeáin íosta atá ag teastáil. Tá na tairseacha reatha le haghaidh luachan agus tairiscintí mar seo a leanas:

| Earraí agus Seirbhísí | |
|---|---|
| Tairseach (ar leith ó CBL) | Riachtanais |
| < €5,000 | Luachan amháin ó bhéal nó i scríbhinn |
| > €5,000 - < €50,000 | Cúig luachan i scríbhinn a lorg |
| > €50,000 - < €221,000 | Tairiscint - Náisiúnta |
| > €221,000 | Tairiscint - OJEU |

| Oibreacha | |
|---|---|
| Tairseach (ar leith ó CBL) | Riachtanais |
| < € 200,000 | Ba cheart cúig luachan i scríbhinn a lorg |
| > €200,000 - < €5,538,000 | Tairiscint - Náisiúnta |
| > €5,538,000 | Tairiscint - OJEU |

Oibreacha:
Is éard atá sa Chreat Bainistíochta um Oibreacha Caipitil (CWMF) ná struchtúr a forbraíodh chun cuspóirí an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hathchóiriú soláthair foirgníochta san earnáil phoiblí. Áirítear leis sraith treoirlínte dea-chleachtais, conarthaí caighdeánacha agus doiciméid teimpléid atá mar chuid de na ceithre cholún lena dtacaítear leis an gCreat.
Toisc gurb é DoE an príomhchomhlacht maoinithe le haghaidh oibreacha foirgníochta i scoileanna BOOÁCDL, chuir DoE doiciméid CWMF in oiriúint do thionscadail foirgníochta (Oibreacha) sna scoileanna. Ba cheart cloí leis an dá threoirdhoiciméad seo a leanas maidir le Soláthar Conraitheoirí chun mionoibreacha sna scoileanna a dhéanamh sa chás go maoiníonn DoE iad:

1. TGD007 Nósanna Imeachta Foirne Deartha um Mionoibreacha
2. Nósanna Imeachta Foirne Deartha – 2012 4ú heagrán - Soláthar Conraitheoirí



## 9 Plean Soláthair Corparáideach

Mar atá leagtha amach i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, ceanglaítear ar na BOOnna go léir a "chinntiú go bhfuil Plean Soláthair Corparáideach forbartha agus tá sé á chur chun feidhme". Chun na críche sin, chomhaontaigh an Earnáil BOO an teimpléad Plean Soláthair Chorparáidigh a ghlacadh, lena n-áirítear MAPP (Plean Soláthair Ilbhliantúil) agus an ceann sin a chur faoi bhráid BOOÉ gach bliain le haghaidh comhthiomsú earnála agus cur isteach ar aghaidh chuig OGP/ EPS.

## 10 Coinbhleacht Leasa, Rúndacht & Eitic

Baineann coinbhleacht leasa (lena n-áirítear aon 'Leas Inchláraithe' mar atá sainmhínithe san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995) do chásanna ina bhféadfaidh leas pearsanta baint de bhreithiúnas gairmiúil agus d'ionracas, nó a bhfuil cuma air go bhféadfaidh sé déanamh amhlaidh, nó a bhfuil acmhainn acu é sin a dhéanamh, agus le linn dó déanamh amhlaidh go mbainfeadh sé de leas BOOÁCDL.

Ceanglaítear ar údaráis chonarthacha "bearta iomchuí" a dhéanamh chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a shainaithint agus a réiteach agus beartas soláthair á dhéanamh acu chun aon saobhadh iomaíochta a sheachaint agus cóir chomhionann forthairgeoirí a chinntiú. Áirítear le coinbhleacht leasa aon chás ina bhfuil leas airgeadais, eacnamaíoch nó pearsanta eile ag ball foirne ábhartha go díreach nó go hindíreach, a bhféadfaí a mheas go mbeadh sé ag baint dá neamhchlaontacht agus dá neamhspleáchas i gcomhthéacs an bheartais soláthair.

Ba cheart gach beart riachtanach a ghlacadh chun a chinntiú go bhfanann Faisnéis Rúnda faoi rún. Chun a chinntiú go gcloíonn an fhaisnéis, fíricí, sonraí agus ábhair eile go léir ar a bhfuarthas eolas, is cuma go díreach nó go hindíreach mar thoradh ar ghníomhaíochtaí, le rialacháin reatha. Coimeádtar agus cosnaítear úsáid agus feidhmiú Faisnéise Rúnda nó sonraí ar bith (lena n-áirítear sonraí pearsanta mar atá sainmhínithe sna Dlíthe um Chosaint Sonraí) go hiomchuí.

Chomh maith leis sin, tá oibleagáid reachtúil ar oifigigh phoiblí a bhfuil "poist ainmnithe" acu chun críocha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 Ráiteas Leasanna Bliantúil a sholáthar ina nochtar aon leas atá ag an duine agus aon leasanna atá ag a c(h)éile nó a p(h)áirtnéir sibhialta, nó ag leanbh céile, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an duine go hábhartha maidir le feidhmíocht a c(h)uid feidhmeanna oifigiúla, agus a fhios sin acu.

Gníomhóidh gach fostaí de chuid BOOÁCDL atá páirteach sa phróiseas Soláthair ar aon slí go heiticiúil agus ba cheart dóibh aird a thabhairt ar na beartais seo a leanas:

i. Eitic
ii. Beartas BOOÁCDL um Fháilteachas agus Bronntanais
iii. Cód Cleachtais d'Fhostaithe BOOÁCDL

# 11 Bainistíocht Conarthaí

Is comhaontuithe iad conarthaí atá infhorfheidhmithe le dlí beag beann ar theideal an doiciméid. Ní mór go mbeidh conradh ag BOOÁCDL le soláthraithe chun earraí nó seirbhísí a sholáthar. Beidh feidhm ag Téarmaí & Coinníollacha caighdeánacha Ordaithe Ceannaigh BOO (ar fáil ach iad a iarraidh) maidir le gach earra agus gach seirbhís nó go dtí go síneofar conradh. Beidh comhaontuithe dlíthiúla caighdeánacha BOOÁCDL/OGP/EPS mar bhonn le haon chomhaontaithe, arna choigeartú chun an cineál seirbhísí/earraí a chur san áireamh. Ba cheart go n-éascófaí leis an gconradh bunú dea-chaidreamh oibre, infheistíocht acmhainní (ag an dá pháirtí) chun na hearraí nó seirbhísí is fearr a sheachadadh ar bhealach is éifeachtúla is féidir.



# 12 Léasú

Ceanglaítear le gach léasú faomhadh an Bhoird agus DoE roimh aon chomhaontú léasa a bheith á dhéanamh. Tá diantoirmeasc ar léasú airgeadais.
Leagtar amach saincheisteanna a bhaineann le léasú réadmhaoine agus Soláthar le haghaidh Réadmhaoine a Fháil agus Barrachais Réadmhaoine a Dhiúscairt i gCiorclán 17/2016 ó DPER

# 13 Coimeád taifead

Sonraítear i mBeartas BOOÁCDL um Bainistíocht agus Coinneáil Taifead an tréimhse nach mór taifid a choinneáil ina leith. Ba cheart gach taifead a choimeád go leictreonach.

Ba cheart do gach fostaí atá páirteach sa cheannach thar ceann BOOÁCDL cloí leis na ceanglais i ngach reachtaíocht ábhartha agus infheidhme. Áirítear leo sin Cód Rialachais BOO, Treoracha um Chaiteachas Poiblí agus Ciorcláin an Rialtais, ach níl siad teoranta dóibh.

# 14 IARMHAIRTÍ NEAMHCHOMHLÍONADH AN BHEARTAIS AGUS NA NÓSANNA IMEACHTA CEANNAIGH

Dréachtaíodh an beartas sin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh BOOÁCDL a oibleagáidí dlíthiúla. Níl comhlíonadh oscailte do rogha an duine aonair agus measfar gur ábhar tromchúiseach é aon sárú ar an mbeartas agus féadfar tarchur cás a atreorú chun fiosrúchán a dhéanamh a air faoi nósanna imeachta araíonachta BOOÁCDL.

# 15 CUR CHUN FEIDHME AGUS ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh Fóram na bPríomhfheidhmeannach an beartas sin a athbhreithniú gach re bliain i gcomhréir le dea-chleachtas, nó i bhfianaise athruithe ar reachtaíocht agus treoir ó fhoinsí amhail OGP, Iniúchadh Inmheánach, ARCC, an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Is é an dáta cur chun feidhme XX /XXXXX/XXXX, arb é an dáta a ghlacfaidh BOOÁCDL é.